**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Feabhra 2024

Trí ríomhphost amháin

**Uimhir Thagartha: NIO.19.02.24.03**

**Maidir le: An tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR agus leis a bheith feasach ar an mbruitíneach**

A Chomhghleacaí, a chara,

Le cúpla mí anuas tá méadú tagtha ar an líon cásanna den bhruitíneach i gceantair áirithe sa RA agus san Eoraip. Ar an 7 Feabhra thuairiscigh FSS go raibh duine fásta tar éis bháis le bruitíneach. Is é seo an chéad chás bruitíní deimhnithe a taifeadadh in Éirinn in 2024.

Tá FSS ag scríobh chun do thacaíocht a iarraidh chun tuismitheoirí, caomhnóirí agus baill foirne a chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- súil a choinneáil amach do shiomptóim na bruitíní
- an tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR maidir le leanaí a chosaint

Bheimis buíoch dá dtabharfá tacaíocht d’iarrachtaí cosc a chur le scaipeadh na bruitíní trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Eolas a roinnt trí do bhealaí faoi chomharthaí na bruitíní le tuismitheoirí (íoslódáil cóip de na póstaeir faoin Bruitíneach (FSS) ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus smaoinigh ar iad a thaispeáint i do scoil nó áis cúram leanaí)

2. Tuismitheoirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar www.immunisation.ie chun eolas a fháil faoin tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR.

Tá litir shamplach dréachtaithe againn. Roinn é seo le tuismitheoirí, le do thoil.

| |
|---|
| Má diagnóisíodh cás den bhruitíneach i leanaí a fhreastalaíonn ar d’áis cúraim leanaí, rachaidh an Rannóg Sláinte Poiblí áitiúil i dteagmháil leat le comhairle a thabhairt do d’fhoireann. |

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Dá gcuirfidís cúis imní ar bith in iúl, déan teagmháil leis an Rannóg Sláinte Poiblí i do réigiún https://www.hse.ie/eng/services/list/5/publichealth/publichealthdepts/contact%20us/

Le meas,

An Dr Lucy Jessop

Lia Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447

An Dr Abigail Collins,

Lia Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí

Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta do Shláinte Leanaí agus do Shláinte Phoiblí MCRN 404629

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Feabhra 2024

**Maidir le: An tábhacht a bhaineann leis an vacsaín MMR agus leis a bheith feasach ar an mbruitíneach**

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir Dlíthiúil, a chara,

Le cúpla mí anuas tá méadú tagtha ar an líon cásanna den bhruitíneach i gceantair áirithe sa RA agus san Eoraip. Ar an 7 Feabhra thuairiscigh FSS go raibh duine fásta tar éis bháis le bruitíneach. Is é seo an chéad chás bruitíní deimhnithe a taifeadadh in Éirinn in 2024.

Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí a bheith feasach ar an mbruitíneach agus a chinntiú go bhfuil a vacsaíní molta MMR (bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg) faighte ag do leanaí.

**Bí feasach ar an mbruitíneach**

Galar í an bhruitíneach a chuireann go mór as daoine agus d'fhéadfadh sí a bheith tromchúiseach agus an-tógálach.

Áirítear le siomptóim na bruitíní:

- fiabhras ard
- casacht
- srón ag sileadh
- gríos, a bhíonn le feiceáil go hiondúil ar an gceann agus ar an muineál ar dtús agus ina dhiaidh sin a leathann amach thar an gcorp iomlán

I measc aimhréidheanna tromchúiseacha na bruitíní tá niúmóine agus einceifealaíteas (athlasadh na hinchinne). Seans go mbeidh ar dhuine as gach cúigear atá ionfhabhtaithe dul chuig an ospidéal agus d'fhéadfadh sé a bheith marfach.

Tá tuilleadh eolais maidir le siomptóim na bruitíní ar fáil ag: https://www2.hse.ie/conditions/measles/ nó trí 'FSS an bhruitíneach' a chuardach.

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Má thagann an bhruitíneach ar do leanbh, cuir d'áis luathfhoghlama agus cúraim leanaí ar an eolas láithreach.

**Vacsaín MMR**

Is é an vacsaíniú MMR an bealach is fearr chun do leanbh a chosaint in aghaidh na bruitíní.

Tá an ráta glactha maidir leis an dá dháileog den vacsaín MMR faoi bhun 90% le tamall anuas. Is ábhar mór imní é sin toisc go bhféadfadh an bhruitíneach a bheith tromchúiseach agus an-tógálach.

**Sceideal na vacsaíne**

Tairgtear 2 dháileog den vacsaín MMR do leanaí.

Tugann dochtúir ginearálta an chéad dáileog do leanaí nuair a bhíonn leanaí 12 mhí d'aois.

Tugann foirne vacsaínithe scoile FSS an dara dáileog nuair a bhíonn leanaí i naíonáin bheaga. (I Sligeach, i Liatroim agus i nDún na nGall, tugann dochtúirí ginearálta an vacsaín seo).

**Naíonáin bheaga**

Má tá do leanbh i naíonáin bheaga, glac leis an deis vacsaíniú 4 in 1 agus vacsaín MMR a fháil dó/di. Tá foirne vacsaínithe scoile FSS fós ag tabhairt cuairt ar scoileanna chun an vacsaín a thairiscint. Má chaill do leanbh amach ar an vacsaín a fháil nuair a thug na foirne cuairt ar do scoil i mbliana, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann vacsaínithe scoile FSS chun coinne a shocrú chun an vacsaín a fháil don leanbh.

**Cad a tharlóidh má chaill mé amach ar vacsaín MMR a fháil do mo leanbh?**

Níl sé ródhéanach vacsaíniú a fháil. Tá an vacsaín MMR ar fáil mar vacsaíniú cúitimh i gcleachtais DG d'aon duine a chaill amach ar an gcéad nó ar an dara dáileog a fháil.

**Tuilleadh eolais**

Tá tuilleadh eolais faoin vacsaín MMR ar fáil ar www.immunisation.ie

**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
e immunisation@hse.ie

Le meas,

An Dr Lucy Jessop

Lia Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447

An Dr Abigail Collins,

Lia Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí

Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta do Shláinte Leanaí agus do Shláinte Phoiblí MCRN 404629